# INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE

## RÁITIS AIRGEADAIS

## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASA, 2012

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE**

## Clár Ábhair


| Clár Ábhair | Leathanach |
|---|---|
| Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide | 1 |
| Ráiteas faoi Rialú Inmheánach | 2-3 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 4 |
| Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta | 5-7 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 8 |
| Clár Comhardaithe | 9 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 10 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 11-22 |

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE**
**RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ NA hINSTITIÚIDE**

Faoi na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta, 1992 go 2006, ceanglaítear ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tÚdarás um Ard-Oideachas agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici, ceanglaítear ar an Institiúid an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil an bonn sin míchuí
- Aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Institiúid freagrach as leabhair chuntais iomchuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta, 1992 go 2006. Tá an Institiúid freagrach chomh maith as a cuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

_________________________
Cathaoirleach

_________________________
Uachtarán

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA AGUSTEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE**
**RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH**

### Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Thar ceann an Chomhlachta Rialaithe, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choimeád agus a fheidhmiú.

Ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnta, nach dearbhú iomlán é, a sholáthar go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí iad i dtréimhse thráthúil.

### Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an gComhlacht Rialaithe chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm mar seo a leanas:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir
- Próisis a bhunú chun rioscaí a shainaithint agus meastóireacht a dhéanamh ar a n-impleachtaí airgeadais
- Fochoiste Iniúchóireachta a bhunú a bhfuil téarmaí tagartha soiléire aige
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú trí fheidhmeanna coiste éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun a sócmhainní a chosaint
- Cultúr cuntasachta láidir a fhorbairt ar gach leibhéal ar fud na heagraíochta.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat um fhaisnéis rialta ar fáil don bhainistíocht, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas, agus ar chóras tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear go háirithe leis:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach, arna tharmligean nuair is cuí, chun bainistiú agus rialú a dhéanamh ar an Leithdháileadh Bliantúil arna dheonú ag an Údarás um Ard-Oideachas agus ar ioncam agus chaiteachas eile
- Athbhreithnithe rialta ag an gComhlacht Rialaithe ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais os coinne meastachán
- Spriocanna a leagadh síos chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil atá sainithe go soiléir
- Rialúcháin fhoirmiúla um bainistíocht tionscadal.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh sheachfhoinsithe ag an Institiúid a fheidhmítear de réir an Chóid Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann. Treoraítear obair na hiniúchóireachta inmheánaí tríd anailís ar an riosca a nochtar an comhlacht dó agus bíonn na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar an anailís sin. Formhuiníonn agus faomhann Fochoiste Iniúchóireachta an Chomhlachta Rialaithe an anailís riosca agus na pleananna iniúchóireachta inmheánaí. Ar a laghad uair sa bhliain, cuireann na hIniúchóirí Inmheánacha tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí ar fáil d'Fhochoiste Iniúchóireachta an Chomhlachta Rialaithe.

Faigheann monatóireacht agus athbhreithniú an Chomhlachta Rialaithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh treoir ó obair an Iniúchóra Inmheánaigh, ó Fhochoiste Iniúchóireachta an Chomhlachta Rialaithe a mhaoirsíonn obair na nIniúchóirí Inmheánacha, ón mBord Feidhmiúcháin atá freagrach as an gcreat rialála airgeadais a fhorbairt agus a chaomhnú, agus ó na barúlacha a thugann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste le fios ina chuid litreacha bainistíochta agus i dtuarascálacha eile.

**Athbhreithniú Bliantúil ar Rialú**

D'ullmhaigh Iniúchóir Inmheánach na hInstitiúide tuarascáil Anailíse ar Bhearnaí sa bhliain 2004 agus tá roinnt iniúchtaí déanta aige gach bliain i ndiaidh na tuarascála sin. Rinne Fochoiste Iniúchóireachta an Chomhlachta Rialaithe athbhreithniú ar na hiniúchtaí sin.

Thug an Fochoiste Iniúchóireachta tuairisc don Chomhlacht Rialaithe ar a chuid gníomhaíochtaí don bhliain dar chríoch an 31 Lúnasa 2012. Deimhnímid go ndearna an Comhlacht Rialaithe athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2012.

__________________________

Cathaoirleach

__________________________

Uachtarán

**Comptroller and Auditor General**
**Report for presentation to the Houses of the Oireachtas**

## Dun Laoghaire Institute of Art, Design and Technology

I have audited the financial statements of the Dun Laoghaire Institute of Art, Design and Technology for the year ended 31 August 2012 under the Institutes of Technology Acts 1992 to 2006. The financial statements, which have been prepared under the accounting policies set out therein, comprise the statement of accounting policies, the income and expenditure account, the balance sheet, the cash flow statement and the related notes. The financial reporting framework that has been applied in their preparation is the Institutes of Technology Acts 1992 to 2006 and generally accepted accounting practice in Ireland.

### Responsibilities of the Institute

The Institute is responsible for the preparation of the financial statements, for ensuring that they give a true and fair view of the state of the Institute's affairs and of its income and expenditure, and for ensuring the regularity of transactions.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

My responsibility is to audit the financial statements and report on them in accordance with the Institutes of Technology Acts 1992 to 2006.

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to bodies in receipt of substantial funding from the State in relation to their management and operation.

My audit is carried out in accordance with the International Standards on Auditing (UK and Ireland) and in compliance with the Auditing Practices Board's Ethical Standards for Auditors.

### Scope of audit of the financial statements

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the financial statements, sufficient to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. This includes an assessment of

- whether the accounting policies are appropriate to the Institute's circumstances, and have been consistently applied and adequately disclosed
- the reasonableness of significant accounting estimates made in the preparation of the financial statements, and
- the overall presentation of the financial statements.

I also seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit.

### Opinion on the financial statements

In my opinion, the financial statements, which have been properly prepared in accordance with generally accepted accounting practice in Ireland, give a true and fair view of the state of the Institute's affairs at 31 August 2012 and of its income and expenditure for the year then ended.

In my opinion, proper books of account have been kept by the Institute. The financial statements are in agreement with the books of account.

### Matters on which I report by exception

I report by exception if

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- my audit noted any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where the transactions did not conform to the authorities governing them, or
- the Statement on Internal Control does not reflect the Institute's compliance with the Code of Governance of Irish Institutes of Technology, or
- I find there are other material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I have nothing to report in regard to those matters.

**Colette Drinan**
**For and on behalf of the**
**Comptroller and Auditor General**

19 **December 2013**

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA AGUSTEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE**
**RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA**

## 1 CÚLRA

D'fheidhmigh Coláiste Ealaíne agus Deartha Dhún Laoghaire faoi rialú Choiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire go dtí an 1 Aibreán 1997, tráth ar tugadh stádas neamhspleách dó de réir Achtanna na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992 go 1994. Foráladh leis na hAchtanna sin d'aistriú na sócmhainní agus na ndliteanas uile a bhain leis an gColáiste ón gCoiste Gairmoideachais. Faoi Ionstraim Reachtúil a shínigh an tAire Oideachais agus Scileanna i mí Eanáir 1998, athraíodh ainm an choláiste go dtí Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire.

Faoin Acht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Feabhra 2007, aistríodh feidhmeanna agus cistiú áirithe a bhíodh á bhfeidhmiú roimhe sin ag an Aire Oideachais agus Scileanna go dtí an tÚdarás um Ard-Oideachas.

## 2 BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil (ach amháin sócmhainní áirithe a chuirtear san áireamh ag a luacháil) agus de réir cheanglais an Údaráis um Ard-Oideachas.

## 3 AITHINT IONCAIM

### (a) Deontais Stáit

Aithnítear deontais athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfuil siad infhála.

Deontais neamh-athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí eile a fhaightear i ndáil le fáil nó tógáil sócmhainní seasta, caitear leo mar dheontais chaipitil iarchurtha agus déantar iad a amúchadh i gcomhréir leis an dímheas thar shaol na sócmhainní.

### (b) Deontais Chineachta

Bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna scéim chun freagracht a chineachadh don Institiúid maidir le hoibreacha samhraidh agus le hoibreacha caipitil eile. I gcás nach bhfuil airgead deontais cineachta caite, i ndáil leis an scéim sin, caitear leo mar ioncam iarchurtha, ar an gcoinníoll go bhfuil na tionscadail dá bhfuil siad tiomanta faofa ag an gComhlacht Rialaithe, go bhfuil siad sainithe go hiomlán, céimnithe ó thaobh ama, agus go ndearnadh meastachán ar a gcostas.

I ngach cás eile, aithnítear cistiú deontais cineachta sa tréimhse a fuarthas é.

### (c) Deontais agus Conarthaí Taighde

Meaitseáiltear ioncam ó dheontais agus conarthaí taighde le caiteachas agus áirítear é in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar. Déantar soláthar iomlán do chaillteanais intuartha.

Déantar gach ioncam agus caiteachas taighde a thaispeáint faoin gceannteideal 'Deontais agus Conarthaí Taighde'.

### (d) Táillí Teagaisc

Tugtar cuntas ar ioncam ó tháillí teagaisc ar bhonn fabhraithe.

### (e) Ioncam Úis

Cuirtear gach ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha chun sochair an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse ina dtuilltear é.

Ar lean...

**4 STOC**

Déantar caiteachas ar leabhair agus ar stoic inchaite a chur de mhuirear an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear é.

**5 SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS**

Luaitear na sócmhainní seasta, cé is moite de thalamh, ar a gcostas stairiúil nó ar an luacháil lúide an dímheas carntha. Luaitear talamh ar a chostas stairiúil nó a luacháil.

**(a) Costas nó Luacháil**

Luaitear sócmhainní seasta arbh ann dóibh ar an 1 Aibreán 1997 ar a luacháil. Tá bunús na luachála maidir le talamh agus foirgnimh leagtha amach i Nóta 14. Luaitear talamh agus foirgnimh a fuarthas ina dhiaidh sin ar a gcostas.

Tugtar cuntas ar shócmhainní atá á dtógáil ar a gcostas bunaithe ar luach theastais an ailtire agus ar chostais dhíreacha eile a thabhaítear go dtí deireadh na bliana airgeadais. Ní dhéantar dímheas orthu go dtí go gcuirtear in úsáid iad.

**(b) Trealamh**

Ón 1 Meán Fómhair, 2009, déantar trealamh agus crua-earraí agus bogearraí ríomhaireachta a chosnaíonn níos lú ná €3,000 in aghaidh gach míre aonair a dhíscríobh chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain ina gceannaítear iad.

**(c) Dímheas**

Foráiltear le haghaidh dímheas ar shócmhainní seasta, seachas talamh, ar bhonn líne dírí chun díscríobh a dhéanamh ar a gcostas stairiúil nó a luachálacha thar a saolta úsáideacha measta mar seo a leanas:

| **Catagóir Shócmhainne** | **Blianta** |
|---|---:|
| Foirgnimh | 50 |
| Foirgnimh Réamhdhéanta, Daingneáin agus Feistis | 10 |
| Troscán agus Trealamh | 5 |
| Crua-earraí agus Bogearraí Ríomhaireachta | 3 |

Déantar dímheas ar dhaingneáin agus feistis a ceannaíodh roimh an 1 Meán Fómhair 2010 ar bhonn saol úsáideach measta cúig bliana. Déantar dímheas ar dhaingneáin agus feistis a ceannaíodh tar éis an dáta sin ar bhonn saol úsáideach measta deich mbliana.

Déantar dímheas ar chrua-earraí agus bogearraí ríomhaireachta a ceannaíodh roimh an 1 Meán Fómhair, 2009 ar bhonn saol úsáideach measta ceithre bliana. Déantar dímheas ar chrua-earraí agus bogearraí ríomhaireachta a ceannaíodh tar éis an dáta sin ar bhonn saol úsáideach measta trí bliana.

Déantar dímheas ar gach trealamh a cistíodh ó Dheontais agus Conarthaí Taighde thar shaolré na sócmhainne i gcomhréir leis an mbeartas um gach sócmhainn sheasta eile.

**6. AIRGEADRAÍ COIGRÍCHE**

Aistrítear na hidirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina euro agus déantar iad a thaifeadadh de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart. Déantar fiachais agus sócmhainní airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha a aistriú ina euro de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an Chláir Chomhardaithe.

Ar lean….

## 7 PINSIN

Bronntar gach teidlíocht pinsin foirne faoi scéim pinsin le sochair shainithe a bunaíodh faoin Acht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas), 1980, agus freastalaíonn an Státchiste ar oibleagáidí pinsin de réir mar a tharlaíonn siad.

Feidhmítear an scéim aoisliúntais ar bhonn 'Íoctar mar a Úsáidtear' agus dá bhrí sin coinníonn an Institiúid asbhaintí aoisliúntais ó fhostaithe, mar chuid chomhaontaithe dá cistiú.

Ní dhéanann an Institiúid ranníocaíochtaí i dtreo na scéime agus níl aon dualgais uirthi i leith teidlíochtaí.

## 8 DEONTAIS CHAIPITIL IARCHURTHA

Is ionann na Deontais Chaipitil Iarchurtha agus luach neamhamúchta cistí carntha arna leithdháileadh le haghaidh sócmhainní seasta.

## 9 CÚLCHISTE FORBARTHA CAIPITIL

Is ionann an Cúlchiste Forbartha Caipitil agus méideanna atá curtha ar leataobh chun críocha sonraithe um fhorbairt caipitil. Déanfar cistí den sórt sin a choinneáil sa Chuntas Cúlchiste Forbartha Caipitil ar an gcoinníoll go bhfuil na tionscadail sainithe dá bhfuil siad tiomanta i gcomhréir le pleananna forbartha caipitil na hInstitiúide, go bhfuil siad faofa ag an gComhlacht Rialaithe, go bhfuil siad sainithe go hiomlán, céimnithe ó thaobh ama, agus go ndearnadh meastachán ar a gcostas.

## 10 SÓCMHAINNÍ LÉASAITHE

Cuirtear cíosanna faoi léasanna oibriúcháin de mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas.

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASA, 2012**

| | Notaí | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Deontas Stáit | 1 | 7,994 | 8,643 |
| Táille Teagaisc | 2 | 8,021 | 8,574 |
| Amúchadh an Dheontas Chaipitil Iarchurtha | 17 | 1,548 | 2,482 |
| Deontais agus Conarthaí Taighde | 3 | 908 | 1,087 |
| Ioncam Eile | 5 | 1,434 | 1,352 |
| Ioncam aitheanta um Chistiú Tacaíochta do Mhic Léinn | 4 | 250 | 148 |
| Ioncam ó Ús | | 509 | 397 |
| | | 20664 | 22,683 |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Ranna Acadúla | 6 | 9,490 | 9,120 |
| Seirbhísí Acadúla | 7 | 496 | 430 |
| Costais Saoráidí | 8 | 2,169 | 2,206 |
| Riarachán Lárnach agus Seirbhísí TFC | 9 | 4,217 | 4,931 |
| Costais Ghinearálta Oideachasúla | 10 | 309 | 325 |
| Seirbhísí do Mhic Léinn | 11 | 686 | 824 |
| Deontais agus Conarthaí Taighde | 3 | 818 | 983 |
| Ioncam feidhmithe ón gCistiú Tacaíochta do Mhic Léinn | 4 | 246 | 165 |
| Dímheas | 14 | 1,548 | 1,740 |
| | | 19,979 | 20,724 |
| **BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN** | | 685 | 1,959 |
| **LEITHROINNTE AR AN gCÚLCHISTE FORBARTHA CAIPITIL** | 20 | (0) | (244) |
| **BARRACHAS CARNACH AMHAIL AN 1 MEÁN FÓMHAIR** | | 7,958 | 6,243 |
| **BARRACHAS CARNACH AMHAIL AN 31 LÚNASA** | | 8,643 | 7,958 |

Níl aon ghnúthachain ná aoin chaillteanais aitheanta ann seachas iad siúd atá aitheanta thuas.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, agus Nótaí 1 go dtí 26.

Arna shíniú thar ceann an Chomhlacht Rialaithe:

**Rónán Ó Muirthile:** **Cathaoirleach**
**An Dr Annie Doona** **Uachtarán**

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE**
**CLÁR COMHARDAITHE**
**AMHAIL AN 31 LÚNASA, 2012**

| | Notaí | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 14 | 34,989 | 35,853 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 15 | 1,267 | 813 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | 11,161 | 10,556 |
| | | 12,428 | 11,369 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Creidiúnaithe agus Speansais Fhabhraithe | | | |
| - Suimeanna a bheidh dlite laistigh d'aon Bhliain amháin | 16 | (2,159) | (1,785) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | 10,269 | 9,584 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ** | | 45,258 | 45,437 |
| **ARNA LÉIRIÚ AG** | | | |
| Deontais Chaipitil Iarchurtha | 17 | 34,989 | 35,853 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 8,643 | 7,958 |
| Cúlchiste Forbartha Caipitil | 20 | 1,626 | 1,626 |
| | | 45,258 | 45,437 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, agus Nótaí 1 go dtí 26.

Arna shíniú thar ceann an Chomhlacht Rialaithe:

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE**
**RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID**
**AMHAIL AN 31 LÚNASA, 2012**

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| **RÉITEACH AN BHARRACHAIS OIBRIÚCHÁIN LEIS AN nGLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN** | | |
| Barrachas Oibriúcháin | 685 | 1,959 |
| Ioncam Úis | (509) | (397) |
| Dímheas | 1,548 | 1,740 |
| Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | 0 | 742 |
| Amúchadh ar Dheontais Chaipitil Iarchurtha | (1,548) | (2,482) |
| (Méadú)/Laghdú ar Fhéichiúnaithe | (470) | 84 |
| Méadú ar Chreidiúnaithe | 374 | 127 |
| **GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN** | 80 | 1,773 |

**RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID**

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| **GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN** | 80 | 1,773 |
| **TORADH AR INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS SEIRBHÍSIÚ AIRGEADAIS** | | |
| Ús Faighte | 525 | 240 |
| **CAITEACHAS CAIPITIL** | | |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil | (684) | (3,363) |
| **GLAN-EIS-SREABHADH AIRGID Ó CHAITEACHAS CAIPITIL** | (684) | (3,363) |
| **MAOINIÚ** | | |
| Deontais Chaipitil Stáit caite ar Shócmhainní Seasta | 503 | 2,725 |
| Deontais Athfhillteacha Stáit caite ar Shócmhainní Seasta | 172 | 636 |
| Cistí Eile caite ar Shócmhainní Seasta | 9 | 2 |
| **GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó MHAOINIÚ** | 684 | 3,363 |
| **MÉADÚ AR AIRGEAD TIRIM** | 605 | 2,013 |

**RÉITEACH AN MHÉADAITHE AR AIRGEAD LE GLUAISEACHT SNA GLANCHISTÍ**

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Glanchistí amhail an 1 Meán Fómhair | 10,556 | 8,543 |
| Glanchistí amhail an 31 Lúnasa | 11,161 | 10,556 |
| | 605 | 2,013 |

## 1 Deontais Stáit

| Deontas Stáit do: | **Leithdháilte ar Chaiteachas Athfhillteach €000** | **Leithdháilte ar Chaiteachas Caipitil €000** | **Iomlán 2012 €000** | **Iomlán 2011 €000** |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas Athfhillteach – An tÚdarás um Ard-Oideachas | 8,323 | 172 | 8,495 | 9,206 |
| Caiteachas Caipitil – An Roinn Oideachais agus Scileanna | 0 | 60 | 60 | 2,345 |
| Mionoibreacha Caipitil – An Roinn Oideachais agus Scileanna | (329) | 443 | 114 | 453 |
| **Iomlán 2012** | 7,994 | 675 | 8,669 | 12,004 |
| **Iomlán 2011** | 8,643 | 3,361 | | |

Tá costas iomlán roinnt cúrsaí teastais agus roinnt cúrsaí gnathchéime arna thacú trí fhóirdheontais ó Chiste Sóisialta na hEorpa ar an leibhéal náisiúnta. Tá Deontais Stáit do Chaiteachas Athfhillteach páirtchistithe ón gcúnamh sin ón Aontas Eorpach. Le héifeacht ón 1 Feabhra 2007, ghlac an tÚdarás um Ard-Oideachas freagracht ón Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le cistiú caiteachais athfhilltigh neamh-altranais

## 2 Táillí Teagaisc

| | **2012 Líon na Mac Léinn** | **2012 €000** | **2011 Líon na Mac Léinn** | **2011 €000** |
|---|---|---|---|---|
| Táillí arna nÍoc ag an Stát | | 3,225 | | 4,608 |
| Ranníocaíocht na Mac Léinn | | 3,757 | | 0 |
| Muirear Clárúcháin Mac Léinn | | 0 | | 3,002 |
| | 1,893 | 6,982 | 1,895 | 7,610 |
| Táillí Neamh-AE | 2 | 22 | 2 | 18 |
| Táillí arna n-íoc ag Mic Léinn nó ar a son | 228 | 572 | 146 | 339 |
| Foghlaim Fad Saoil agus Táillí Eile | 162 | 445 | 205 | 607 |
| | 2,285 | 8,021 | 2,248 | 8,574 |

D'íoc an Roinn Oideachais agus Scileanna táillí teagaisc €3,014,083 sa bhliain (2011: €4,241,215) maidir le cúrsaí céime onóracha lánaimseartha agus €211,311 (2011: €366,408) maidir le cúrsaí ardteastais agus cúrsaí gnáthchéime, a bhfuil a gcuid costas iomlán páirtchistithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa.

Tar éis thabhairt isteach Ranníocaíocht na Mac Léinn ar an 1 Meán Fómhair 2011, níl táillí bliantúla clárúcháin iníoctha a thuilleadh ag mic léinn.

Luaitear líon na mac léinn mar choibhéisí lánaimseartha bunaithe ar chreidmheasanna cláraithe.

## 3 Deontais agus Conarthaí Taighde

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Ioncam ó Chonarthaí agus ó Thionscadail | 917 | 1,089 |
| Leithdháilte ar Chaiteachas Caipitil | (9) | (2) |
| | 908 | 1,087 |
| Caiteachas: | | |
| Costais Foirne | 429 | 469 |
| Costais Neamh-Phá | 389 | 514 |
| | 818 | 983 |
| Toradh Glan | 90 | 104 |

Tá €21,000 (2011: €12,000) san áireamh san Ioncam ó Chonarthaí agus ó Thionscadail i leith forchostais a aisghabháil. Is ionann an t-iarmhéid agus chostais dhíreacha arna n-aisghabháil le haghaidh obair thaighde a rinneadh mar atá leagtha amach faoi na ceannteidil um chaiteachas thuas.

## 4 Cistiú Tacaíochta do Mhic Léinn

| | Ciste Míchumais na Mac Léinn | Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Fáltais: | | | | |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | 122 | 128 | 250 | 148 |
| Suimeanna a Cuireadh i bhFeidhm | (121) | (125) | (246) | (165) |
| | 1 | 3 | 4 | (17) |

Cuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas cistiú ar fáil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus tá sé páirtchistithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa.

| | | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **5** | **Ioncam Eile** | | |
| | Banna um Fhoirceannadh Conartha | 440 | 400 |
| | Asbhaintí Aoisliúntais Coinnithe | 669 | 681 |
| | Ioncam Saoráidí Aitheanta | 243 | 211 |
| | An Scoil Náisiúnta Scannán | 2 | 0 |
| | An Ciste Scannán | 9 | 0 |
| | Ilghnéitheach | 71 | 60 |
| | | 1,434 | 1,352 |

| | | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **6** | **Ranna Acadúla** | | |
| | Foireann: | | |
| | Foireann Teagaisc | 7,404 | 7,127 |
| | Foireann Theicniúil | 378 | 375 |
| | Foireann Riaracháin, Feidhmiúcháin agus Rúnaíochta | 1,255 | 1,278 |
| | | 9,037 | 8,780 |
| | Ábhair agus Tomhaltáin eile | 92 | 80 |
| | Trealamh | 158 | 142 |
| | Stáiseanóireacht agus Ábhair Oifige | 41 | 31 |
| | Fáilteachas | 15 | 12 |
| | Taisteal agus Cothabháil | 23 | 14 |
| | An Scoil Náisiúnta Scannán | 7 | 8 |
| | An Ciste Scannán | 11 | 0 |
| | Taispeántas na gCéimithe | 24 | 31 |
| | Eile | 82 | 22 |
| | | 453 | 340 |
| | | 9,490 | 9,120 |

| | | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **7** | **Seirbhísí Acadúla** | | |
| | Leabharlann: | | |
| | Foireann | 324 | 330 |
| | Leabhair agus Tréimhseacháin | 95 | 53 |
| | Ábhair agus Tomhaltáin eile | 38 | 5 |
| | Trealamh | 25 | 32 |
| | Eile | 4 | 2 |
| | | 486 | 422 |
| | Cuspaí Ealaíne: | | |
| | Foireann | 10 | 8 |
| | | 496 | 430 |
| **8** | **Costais Saoráidí** | | |
| | Foireann: | | |
| | Feighlithe/Cothabháil | 371 | 379 |
| | Riarachán | 150 | 176 |
| | | 521 | 555 |
| | Ábhair agus Seirbhísí a Ceannaíodh: | | |
| | Glanadh | 325 | 346 |
| | Cothabháil | 283 | 137 |
| | Slándáil | 140 | 104 |
| | Tailte | 48 | 52 |
| | Árachas | 36 | 36 |
| | Fuinneamh agus Uisce | 420 | 410 |
| | Costais um Fhoirceannadh Conarthaí | 241 | 334 |
| | Caiteachas ar Shaoráidí ar Cíos | 147 | 228 |
| | Eile | 8 | 4 |
| | | 1,648 | 1,651 |
| | | 2,169 | 2,206 |

| | | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **9** | **Riarachán Lárnach agus Seirbhísí TFC** | | |
| | Riarachán Lárnach: | | |
| | Foireann | 1,899 | 1,772 |
| | Stáiseanóireacht agus Ábhair Oifige | 15 | 14 |
| | Cumarsáid | 71 | 75 |
| | Árachas | 58 | 51 |
| | Táillí Dlí | 182 | 229 |
| | Táillí um Iniúchadh Seachtrach | 26 | 26 |
| | Táillí Cuntasaíochta | 97 | 30 |
| | Táillí Gairmiúla Eile | 67 | 26 |
| | Earcaíocht | 36 | 53 |
| | Forbairt Foirne | 160 | 198 |
| | Fógraíocht Ghinearálta | 5 | 15 |
| | Fóirdheontas um Chonradh Lónadóireachta | 106 | 146 |
| | Fáilteachas | 23 | 24 |
| | Taisteal agus Cothabháil | 25 | 22 |
| | Síntiúis do Chomhlachtaí Gairmiúla | 78 | 76 |
| | Costais Airgeadais | 12 | 9 |
| | Caiteachas ar Chúrsaí Seachtracha | 60 | 111 |
| | Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | 0 | 742 |
| | Eile | 26 | 21 |
| | | 2,946 | 3,640 |
| | | | |
| | Seirbhísí TFC: | | |
| | Foireann | 505 | 489 |
| | Cothabháil | 249 | 361 |
| | Bogearraí | 1 | 1 |
| | Trealamh | 477 | 402 |
| | Ábhair agus Tomhaltáin eile | 31 | 29 |
| | Stáiseanóireacht agus Ábhair Oifige | 6 | 7 |
| | Taisteal agus Cothabháil | 2 | 2 |
| | | 1,271 | 1,291 |
| | | 4,217 | 4,931 |

| | | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **10** | **Costais Ghinearálta Oideachasúla** | | |
| | Scrúduithe: | | |
| | Foireann | 103 | 89 |
| | Táillí Scrúdaithe | 37 | 51 |
| | Eile | 15 | 7 |
| | | 155 | 147 |
| | Eile: | | |
| | Poiblíocht agus Cur Chun Cinn | 120 | 128 |
| | Rollú agus Bronnadh | 26 | 23 |
| | Forbairt agus Dearadh Cúrsaí | 2 | 13 |
| | Taisteal agus Cothabháil | 5 | 4 |
| | Duaiseanna agus Gradaim | 1 | 10 |
| | | 154 | 178 |
| | | 309 | 325 |
| **11** | **Seirbhísí do Mhic Léinn** | | |
| | Pá na Seirbhísí Tacaíochta | 242 | 216 |
| | Costas Neamh-Phá na Seirbhísí Tacaíochta | 160 | 177 |
| | Pá Aontas na Mac Léinn | 77 | 53 |
| | Costas Neamh-Phá Aontas na Mac Léinn | 185 | 150 |
| | Clubanna agus Cumainn | 15 | 14 |
| | Leithdháileadh na gCostas Clárúcháin | 0 | 120 |
| | Muirir a Mheastar a bheith Dobhailithe | 0 | 90 |
| | Eile | 7 | 4 |
| | | 686 | 824 |

| | | Costais Foirne €000 | Caiteachas Oibríochta Eile €000 | Iomlán 2012 €000 | Iomlán 2012 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **12** | **Anailís ar Chaiteachas** | | | | |
| | Ranna Acadúla | 9,037 | 453 | 9,490 | 9,120 |
| | Seirbhísí Acadúla | 334 | 162 | 496 | 430 |
| | Costais Saoráidí | 521 | 1,648 | 2,169 | 2,206 |
| | Riarachán Lárnach agus Seirbhísí TFC | 2,404 | 1,813 | 4,217 | 4,931 |
| | Costais Ghinearálta Oideachasúla | 103 | 206 | 309 | 325 |
| | Seirbhísí do Mhic Léinn | 319 | 367 | 686 | 824 |
| | Deontais agus Conarthaí Taighde | 429 | 389 | 818 | 983 |
| | Ioncam um Chistiú Tacaíochta do Mhic Léinn Feidhmithe | 0 | 246 | 246 | 165 |
| | Dímheas | 0 | 1,548 | 1,548 | 1,740 |
| | **Total 2012** | 13,147 | 6,832 | 19,979 | 20,724 |
| | **Total 2013** | 12,761 | 7,963 | | |

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Anailís ar Chaiteachas (ar lean)** | | |
| Anailís ar Chaiteachas Oibriúcháin Eile: | | |
| Caiteachas Taighde | 389 | 514 |
| Ábhair agus Tomhaltáin eile | 161 | 114 |
| Trealamh | 660 | 576 |
| Stáiseanóireacht agus Ábhair Oifige | 62 | 52 |
| Fáilteachas | 38 | 36 |
| Taisteal agus Cothabháil | 55 | 42 |
| Caiteachas ar Chúrsaí Seachtracha | 60 | 111 |
| Leabhair agus Tréimhseacháin | 95 | 53 |
| Glanadh | 325 | 346 |
| Cothabháil | 283 | 137 |
| Slándáil | 140 | 104 |
| Árachas | 94 | 87 |
| Fuinneamh agus Uisce | 420 | 410 |
| Cothabháil TFC | 249 | 361 |
| Poiblíocht agus Cur Chun Cinn | 120 | 128 |
| Cumarsáid | 71 | 75 |
| Táillí Dlí | 182 | 229 |
| Táillí um Iniúchadh Seachtrach | 26 | 26 |
| Táillí Gairmiúla Eile | 67 | 26 |
| Forbairt Foirne | 160 | 198 |
| Fóirdheontas um Chonradh Lónadóireachta | 106 | 146 |
| Síntiúis do Chomhlachtaí Gairmiúla | 78 | 76 |
| Caiteachas ar Shaoráidí ar Cíos | 147 | 228 |
| Seirbhísí do Mhic Léinn | 367 | 555 |
| Ioncam arna fheidhmiú ón gCistiú Tacaíochta do Mhic Léinn | 246 | 165 |
| Dímheas | 1,548 | 1,740 |
| Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | 0 | 742 |
| Costais um Fhoirceannadh Conarthaí | 241 | 334 |
| Eile | 443 | 352 |
| | 6,832 | 7,963 |

**13 Cánachas**

Tá Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire díolmhaithe ó Cháin Chorparáide faoi ordú stádas carthanachta.

## 14 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

| | Iomlán €000 | Talamh agus Foirgnimh €000 | Sócmh-ainní atá á dTógáil €000 | Daingneáin agus Feistis €000 | Crua-earraí Ríomhaire €000 | Troscán agus Trealamh €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó Luacháil** | | | | | | |
| Amhail an 1 Meán Fómhair, 2011 | | | | | | |
| Luacháil | 14,065 | 12,713 | 0 | 304 | 0 | 1,048 |
| Costas | 44,149 | 26,168 | 1,727 | 1,280 | 9,997 | 4,977 |
| | 58,214 | 38,881 | 1,727 | 1,584 | 9,997 | 6,025 |
| Breiseanna | 1,217 | 349 | 279 | 83 | 191 | 315 |
| Athluachálacha | (533) | (533) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Diúscairtí | (312) | 0 | 0 | (1) | (279) | (32) |
| Amhail an 31 Lúnasa, 2012 | 58,586 | 38,697 | 2,006 | 1,666 | 9,909 | 6,308 |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Amhail an 1 Meán Fómhair | 22,361 | 6,046 | 0 | 1,453 | 9,252 | 5,610 |
| Muirear don Bhliain | 1,548 | 609 | 0 | 63 | 623 | 253 |
| Diúscairtí | (312) | 0 | 0 | (1) | (279) | (32) |
| Amhail an 31 Lúnasa 2012 | 23,597 | 6,655 | 0 | 1,515 | 9,596 | 5,831 |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | |
| Amhail an 31 Lúnasa 2012 | 34,989 | 32,042 | 2,006 | 151 | 313 | 477 |
| Amhail an 1 Meán Fómhair 2011 | 35,853 | 32,835 | 1,727 | 131 | 745 | 415 |

Talamh agus foirgnimh atá dílsithe don Institiúid, de réir na nAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta, 1992 go 2006, cuireadh san áireamh iad ar an 1 Aibreán 1997 ar mhéid na luachála a rinne an Oifig Luachála dar dáta an 31 Nollaig 1995, agus tógadh breiseanna iar-luachála ó Eanáir 1996 go dtí Márta 1997 ar a gcostas.

D'éirigh leis an Institiúid aisíocaíocht a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim ar Cháin Bhreisluacha a tabhaíodh i dtógáil Chiúb na Meán. Laghdaigh an aisíocaíocht sin luach tugtha anonn an fhoirgnimh sin agus léirítear é sin san fhigiúr athluachála thuas.

| | | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **15** | **Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí** | | |
| | Deontas Stáit do Chaiteachas Caipitil | 0 | 67 |
| | Táillí Teagaisc | 56 | 0 |
| | Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe | 868 | 428 |
| | Ús Fabhraithe | 176 | 192 |
| | Féichiúnaithe Eile | 167 | 126 |
| | | 1,267 | 813 |

| | | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **16** | **Creidiúnaithe agus Speansais Fhabhraithe** | | |
| | **Suimeanna a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin** | | |
| | Íocaíochtaí a Fuarthas Roimh Ré: | | |
| | Deontas Stáit do Chaiteachas Caipitil | 101 | 0 |
| | Táillí Teagaisc agus Ranníocaíochtaí na Mac Léinn | 530 | 229 |
| | Deontais agus Conarthaí Taighde | 472 | 535 |
| | Ioncam Saoráidí | 62 | 83 |
| | Cistiú Tacaíochta do Mhic Léinn | 43 | 74 |
| | | 1,208 | 921 |
| | Fabhruithe | 469 | 377 |
| | Creidiúnaithe Trádála | 7 | 4 |
| | ÍMAT/ÁSPC | 328 | 313 |
| | Creidiúnaithe Eile | 147 | 170 |
| | | 951 | 864 |
| | | 2,159 | 1,785 |

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|

## 17 Deontais Chaipitil Iarchurtha

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Meán Fómhair | 35,853 | 34,972 |
| Deontais Chaipitil Infhaighte: | | |
| Deontais Chaipitil Stáit - An Roinn Oideachais agus Scileanna | 503 | 2,725 |
| Leithdháilte ó Dheontas Athfhillteach | 172 | 636 |
| Leithdháilte ó Ioncam Tionscadal | 9 | 2 |
| | 36,537 | 38,335 |
| Amúchadh i gcomhréir le Diúscairtí | 0 | (742) |
| Amúchadh i gcomhréir le Dímheas Sócmhainní | (1,548) | (1,740) |
| Iarmhéid amhail an 31 Lúnasa | 34,989 | 35,853 |

## 18 Ceangaltais Chaipitil

Bhí ceangaltais €6,945,992 ar an Institiúid (2011: €1,102,284) maidir le caiteachas caipitil ag dáta an chláir chomhardaithe.

## 19 Deontais Chothabhála Mic Léinn

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Fáltais ón Roinn Oideachais agus Scileanna (Aonad Tacaíochta do Mhic Léinn) | 157 | 202 |
| Íocaíochtaí le Mic Léinn (Deontas Cothabhála Caighdeánach) | (128) | (164) |
| Íocaíochtaí le Mic Léinn (Ráta Speisialta an Deontais Cothabhála) | (29) | (38) |
| Glan-eis-sreabhadh Airgid | 0 | 0 |
| Amhail an 1 Meán Fómhair | 0 | 0 |
| Amhail an 31 Lúnasa | 0 | 0 |

Próiseálann an Institiúid íocaíochtaí le mic léinn i leith deontais cothabhála arna gcur in iúl ag an gCoiste Gairmoideachais iomchuí nó ag an Údarás Áitiúil iomchuí. Soláthraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna (an tAonad Tacaíochta do Mhic Léinn) cistiú le haghaidh na n-íocaíochtaí sin agus soláthraíonn Ciste Sóisialta na hEorpa comhchistiú. Níl na hidirbhearta sin san áireamh ar leithligh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

| | | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **20** | **Cúlchiste Forbartha Caipitil** | | |
| | Amhail an 1 Meán Fómhair | 1,626 | 1,382 |
| | Aistriú ó Mhuirir Chlárúcháin Mac Léinn | 0 | 244 |
| | Amhail an 31 Lúnasa | 1,626 | 1,626 |

**21 Dliteanais Theagmhasacha**

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ann ag dáta an chláir chomhardaithe.

**22 Íocaíochtaí agus Leasa Chomhaltaí an Chomhlachta Rialaithe**

I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh an Institiúid socruithe conartha a dhéanamh le gnóthais ina bhfuil comhaltaí Chomhlacht Rialaithe na hInstitiúide fostaithe nó a bhfuil leas eile acu iontu. Ghlac an Institiúid nósanna imeachta i gcomhréir le Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann i ndáil le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Chomhlachta Rialachais agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin.

I rith na bliana, rinneadh idirbhearta tráchtála dar luach €318,258 (2011: €690,710) san iomlán le heagraíochtaí a raibh baint ag comhaltaí an Chomhlachta Rialaithe leo.

| | | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **23** | **Tuarastal an Uachtaráin** | | |
| | Jim Devine | 0 | 111 |
| | Dr Annie Doona | 152 | 51 |

Tháinig deireadh le téarma deich mbliana Jim Devine mar Uachtarán ar an 30 Aibreán 2011 agus ceapadh an Dr Annie Doona ina hUachtarán ar an 1 Bealtaine 2011.

**24 Fostaithe**

Ba ionann an meánlíon fostaithe (coibhéis lánaimseartha) i rith na bliana agus 204 (2011: 206).

**25 Figiúirí Comparáideacha**

Nuair is gá, tá athghrúpáil déanta ar na figiúirí comparáideacha agus tá siad athluaite ar an mbonn céanna le figiúirí na bliana reatha.

**26 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

D’fhaomh an Comhlacht Rialaithe na ráitis airgeadais ar an 6 Samhain 2013.